**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 10 Samhain 2022 – an Coimisiún Eorpach v Valencia Club de Fútbol SAD, Ríocht na Spáinne**

**(Cás C-211/20 P)** [1]

***(Achomharc – Státchabhair – Ráthaíocht phoiblí arna deonú ag eintiteas poiblí – Iasachtaí do thrí chlub peile i gComhphobal Valencia (Valencia CF, Hércules CF agus Elche CF) – Cinneadh lena ndearbhaítear nach bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach – Cinneadh a chur ar neamhní sa mhéid a bhaineann sé le Valencia CF – Coincheap an "bhuntáiste" – Measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil buntáiste ann – Fógra Rathaíochta – Ateangaireacht – Oibleagáid díchill chuí atá ar an gCoimisiún Eorpach – Dualgas cruthúnais – Saobhadh)***

(2023/C 7/04)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Luengo, P. Němečková agus B. Stromsky, Gníomhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Valencia Club de Fútbol SAD (ionadaithe: G. Cabrera López, J.R. García-Gallardo Gil-Fournier agus D. López Rus, abogados), Ríocht na Spáinne (ionadaí: M.J. Ruiz Sánchez, Gníomhaire)

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don achomharc.

2. Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais arna dtabhú ag Valencia Club de Fútbol SAD a íoc, chomh maith lena gcostais féin.

3. Ordaítear do Ríocht na Spáinne a gcostais féin a íoc.

---

(1) IO C 262, 10.8.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 8 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Raad van State, Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch – an Ísiltír) – Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid v C, B (C-704/20), X v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (C-39/21)**

**(Cásanna uamtha C-704/20 agus C-39/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais – Náisiúnaigh tríú tír a choinneáil – Ceart bunúsach chun Saoirse – Airteagal 6 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Coinníollacha dlíthiúlachta na coinneála – Treoir 2008/115/CE – Airteagal 15 – Treoir 2013/33/AE – Airteagal 9 – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 – Airteagal 28 – Athbhreithniú ar dhlíthiúlacht cur nó coimeád faoi choinneáil – Athbhreithniú ex officio – Ceart bunúsach chun leighis bhreithiúnaigh éifeachtaigh – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha)***

(2023/C 7/05)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Raad van State, Rechtbank Den Haag, zittingsplaats 's-Hertogenbosch

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (C-704/20), X (C-39/21)